Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**7468/26**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0234(NLE)**
**2025/0237(COD)**
**2025/0241(COD)**

**AGRI 199**
**AGRIFIN 81**
**FIN 433**
**CADREFIN 246**
**CODEC 1035**
**ENV 579**
**FORETS 85**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An Comhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027: Solúbthacht, Coimhdeacht agus Cuspóirí Coiteanna an Aontais<br>– *Díospóireacht bheartais* |

San iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo tá an nóta cúlra ón Uachtaránacht agus na ceisteanna treoracha don chruinniú a bheidh ag an gComhairle (‘Talmhaíocht agus Iascach) an 22 agus an 23 Meitheamh 2026.

Tá athchóiriú CBT tar éis 2027 á chaibidil i gcomhthéacs na ndúshlán mór eacnamaíoch, comhshaoil agus geopholaitiúil atá roimh thalmhaíocht na hEorpa. Tá feirmeoirí thíos leis an méadú ar luaineacht an mhargaidh, ar na rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus ar an mbrú ar a n-ioncam. Ag an am céanna, ní mór d'earnáil talmhaíochta na hEorpa a bheith iomaíoch i gcónaí agus, ina theannta sin, rannchuidiú le cuspóirí comhshaoil, aeráide agus slándála bia a bhaint amach agus leanúint de bheith slán i bhfad na haimsire trí ghlacadh le teicneolaíochtaí nua, nuáil a dhéanamh, agus straitéisí a chur chun feidhme ar mhaithe leis an athnuachan ó ghlúin go glúin. Agus na dúshláin sin agus an gá atá le CBT a bheidh oiriúnach dá fheidhm sa tréimhse tar éis 2027 á n-aithint acu, leag na Ballstáit béim arís agus arís eile ar a riachtanaí atá sé CBT níos simplí, níos solúbtha agus níos comhréirí a bheith ann, agus é oiriúnaithe níos fearr do réaltachtaí náisiúnta agus réigiúnacha.

Na tograí maidir le CBT tar éis 2027 agus CEM, tá siad bunaithe ar an bprionsabal gur cheart CBT a bheith ina chomhbheartas de chuid an Aontais i gcónaí, ach gur cheart tuilleadh freagrachta agus cuntasachta a thabhairt do na Ballstáit maidir leis an gcaoi a mbaineann siad cuspóirí coiteanna amach. Leis na tograí, déantar tacaíocht CBT a chomhtháthú sna Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (pleananna CNR), agus é mar aidhm leis sin solúbthacht a mhéadú agus ligean do na Ballstáit idirghabhálacha a dhearadh de réir a riachtanas sonrach, agus an stiúradh agus an comhordú ar leibhéal an Aontais á gcaomhnú ag an am céanna i gcás inar gá.

I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéach an Uachtaránacht leis an éileamh polaitiúil ar sholúbthacht, coimhdeacht agus simpliú feabhsaithe a aistriú ina leasuithe nithiúla ar na tograí maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus le Comheagrú na Margaí Talmhaíochta . Is é an cuspóir polaitiúil céanna a bhí mar threoir ag obair na hUachtaránachta ar chreat an CBT a bheidh ann amach anseo agus ar an Rialachán maidir le CEM: earnáil talmhaíochta a thógáil a bheidh cothrom, iomaíoch, athléimneach agus slán i bhfad na haimsire, agus cineál coiteann CBT agus sláine an mhargaidh inmheánaigh á gcaomhnú ag an am céanna.

Léiriú ar an gcur chuige sin is ea an obair ar mholtaí náisiúnta CBT, atá neamhcheangailteach i gcónaí agus ceaptha cabhrú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin sa talmhaíocht agus i gceantair thuaithe d'fhonn cuspóirí sonracha a bhaineann le CBT a bhaint amach.

Gné ríthábhachtach den obair sin is ea forálacha a bhaineann go sonrach le CBT a aistriú ó mhórchreat na bpleananna CNR go dtí tograí CBT agus CEM, chun comhleanúnachas, inléiteacht agus soiléireacht oibríochtúil struchtúr dlíthiúil CBT tar éis 2027 a neartú. Cé gur faoi chuimsiú struchtúr níos leithne na bpleananna CNR a chuirfear chun feidhme an CBT a bheidh ann amach anseo, d'oibrigh an Uachtaránacht chun a áirithiú go léireofar sna tograí sin forálacha a bhaineann go sonrach le tograí CBT agus CEM agus atá riachtanach dá bhfeidhmiú cuí. Áirithítear leis an obair sin go ndéantar an tsolúbthacht a thugtar do na Ballstáit, mar shampla chun gnéithe áirithe a shainiú, tacaíocht a spriocdhíriú agus idirghabhálacha a cheapadh de réir dálaí náisiúnta agus réigiúnacha, a fheidhmiú faoi chuimsiú chreat soiléir CBT agus CEM, agus go mbeidh sí comhsheasmhach i gcónaí leis an tsamhail seachadta chomhtháite nua.

Maidir le sainmhíniú an fheirmeora, ba é cuspóir na hUachtaránachta leanúnachas agus deimhneacht dhlíthiúil a chaomhnú, agus cás a sheachaint ina mbeadh sainmhíniú ródhocht ann ar leibhéal an Aontais nach mbeadh ag teacht le héagsúlacht na samhlacha feirmeoireachta ar fud na mBallstát.

Maidir leis na hidirghabhálacha agus na bearta éigeantacha, rinneadh roinnt díobh roghnach, arna iarraidh sin do na Ballstáit, cé go mbeidh siad ar fáil do na Ballstáit i gcónaí chun a chinneadh cé acu de na roghanna sin is fearr a d'fhéadfadh rannchuidiú le cuspóirí coiteanna Eorpacha a bhaint amach, agus cén chaoi is fearr a bhféadfaí an rannchuidiú sin a dhéanamh. Tugadh na hathruithe sin isteach agus aird á tabhairt ar an aidhm atá ann an leibhéal uaillmhéine beartais a choinneáil mar atá. I gcásanna áirithe, sa bhreis ar ghníomhaíochtaí éigeantacha a thiontú ina ngníomhaíochtaí roghnacha, bhí forálacha breise ann lena neartaítear uaillmhian an Rialacháin a thuilleadh, ach ar bhealach lena soláthraítear an tsolúbthacht is gá chun freastal ar riachtanais agus imthosca sonracha na mBallstát.

Leis na leasuithe ón Uachtaránacht, féachtar freisin le coimhdeacht agus solúbthacht a neartú a mhéid a bhaineann le tacaíocht ioncaim trí dhálaí a chruthú ina bhféadfaí tacaíocht ioncaim limistéarbhunaithe a dhíriú ar na feirmeoirí is mó atá i ngátar, mar a shainaithníonn na Ballstáit iad, agus an tacaíocht ioncaim éigeantach níos airde d'fheirmeoirí óga á háirithiú ag an am céanna, sa chaoi is go dtreisítear leis an tacaíocht don athnuachan ó ghlúin go glúin.

Tugadh aghaidh freisin ar an athnuachan ó ghlúin go glúin trí na leasuithe atá beartaithe maidir leis an tacaíocht atá le fáil ag feirmeoirí ag aois scoir. Seachas cur chuige eisiatach a leanúint, d'fhéach an Uachtaránacht ar chur chuige malartach lena ngabhann roghanna comharbais feirme. Is é is aidhm don téacs atá molta tacú le rochtain ar thalamh agus le haistriú bainistíochta feirme, agus éagsúlacht na gcóras pinsin náisiúnta, struchtúir feirme agus réaltachtaí comharbais á n-urramú ag an am céanna.

Leanadh an loighic chéanna i dtaca le maoirseacht feirme. Trí obair na hUachtaránachta, coinnítear bonnlíne choiteann de cheanglais reachtúla bhainistíochta agus de chleachtais chosanta, ach tugtar an tsolúbthacht do na Ballstáit cleachtais chosanta a shainiú ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, agus sainiúlachtaí geografacha, aeráide agus táirgeachta á gcur san áireamh. Déantar foráil sa téacs freisin do sholúbthacht trí bhíthin díolúintí, agus tugtar isteach ann cur chuige comhréireachta d'fheirmeoirí beaga. Is é is aidhm dó sin a áirithiú go leanfaidh an córas de bheith inchreidte ó thaobh an chomhshaoil de, agus go mbeidh sé níos comhréirí agus níos inoibrithe d'fheirmeoirí agus do lucht riaracháin ag an am céanna.

Bhí sé d'aidhm ag obair na hUachtaránachta tuilleadh saoirse a thabhairt do na Ballstáit le hidirghabhálacha a dhearadh de réir a riachtanas, go háirithe maidir le tacaíocht ioncaim, gníomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus aeráide agus scéim scoile an Aontais. Tugadh solúbthacht do na Ballstáit freisin a mhéid a bhaineann leis na hearnálacha ar féidir leo idirghabhálacha earnála a dhearadh ina leith, cuir i gcás earnáil nua na mbarr próitéine, líon nó cnáib. Soiléiríodh le linn obair na hUachtaránachta gur cheart é a bheith d'aidhm ag na hidirghabhálacha earnála rannchuidiú éagsúlaithe cothrom a dhéanamh leis na cuspóirí ábhartha a bhaineann go sonrach le CBT, agus an Beartas a choinneáil dírithe ar an margadh ar an gcaoi sin.

Dá bhrí sin, léirítear an chothromaíocht sin freisin san obair a rinne an Uachtaránacht ar CEM, réimse inar gá rialacha comhchoiteanna agus solúbthacht spriocdhírithe chun iomaíochas agus athléimneacht thalmhaíocht an Aontais a neartú agus chun an tslándáil bia a choimirciú.
In earnálacha sonracha, is é is aidhm do leasuithe na hUachtaránachta creat níos soiléire de chuid an Aontais a chomhtháthú, ina mbeidh spás do shainiúlachtaí náisiúnta, earnála nó críochacha: maidir le cnáib, trí rialacha táirgeachta agus margaíochta a shoiléiriú agus, ag an am céanna, trí choimircí a thabhairt isteach do na Ballstáit a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme agus rialuithe agus trína dhearbhú go bhféadfaidh siad gnéithe úsáide deiridh a rialáil i gcomhréir le dlí an Aontais; maidir le barra próitéine, trí earnáil ar leith agus rialacha aitheantais idirthréimhseacha a bhunú chun tacú le slabhraí luacha próitéine a fhorbairt gan cur isteach ar eagraíochtaí atá ann cheana; agus maidir le siúcra, trí chreat conarthach comhchoiteann a choinneáil ar bun agus é a chur in oiriúint do na réaltachtaí a bhaineann le biatas siúcra agus cána siúcra a tháirgeadh.

Is é an cur chuige céanna is bonn leis an obair maidir le hinfhaighteacht soláthairtí, réimse inar fhéach an Uachtaránacht le comhordú, ullmhacht agus comhroinnt faisnéise an Aontais a threisiú tráth éigeandála nó géarchéime tromchúisí, agus urraim á tabhairt ag an am céanna do fhreagracht na mBallstát bearta náisiúnta, údaráis inniúla agus cúlchistí a eagrú de réir a gcúinsí sonracha féin.

**Measann an Uachtaránacht go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir le cur chuige cothrom a fhorbairt. Tugadh an obair chun cinn maidir le roinnt gnéithe a bhfuil tábhacht pholaitiúil leo. Leis na leasuithe a scrúdaíodh go dtí seo, féachtar le hiarrataí na mBallstát ar sholúbthacht, coimhdeacht agus simpliú a fhreagairt, agus CBT á choinneáil mar chomhbheartas de chuid an Aontais agus é á áirithiú ag an am céanna go mbeidh na rialacha bunriachtanacha a bhaineann go sonrach le CBT comhleanúnach agus infheicthe i gcónaí i struchtúr nua na bpleananna CNR.**

Mar sin féin, tá gá le treoir pholaitiúil bhreise chun obair na Comhairle a chomhdhlúthú.
I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar na toscaireachtaí a dtuairimí a thabhairt faoin gceist seo a leanas:

*D'fhéach an Uachtaránacht leis an gcothromaíocht cheart a bhaint amach idir trí sprioc: creat dlíthiúil níos soiléire agus níos comhleanúnaí, tuilleadh solúbthachta do na Ballstáit, agus cuspóirí comhroinnte an Aontais a chaomhnú. An measann tú go mbaintear na spriocanna sin amach sa téacs ón Uachtaránacht agus cad iad na codanna is gá a fhorbairt a thuilleadh?*